

SIONNACH AGUS GEABHAÍ AR LOCH.

Bhí géabhaí ar Chrompán ar Loch Sidhe Dubhach. Chonnaic sionnach amach uaidh iad agus ní raibh sé féin sé féin dhá fheiceáil acab. Bhain sé slám raithnigh agus chuir sé an slám amach ar an loch. Bhí sé ar thaobh na gaoithe díob, gaoith anoir a bhí ann. Thug an ghaoith an slám raithnigh chó fada leis na géabhaí agus níor chuireadar an tsuim ann.

Annsin bhain sé slám mór raithnighe agus chuir sé amach ar an loch é agus chuaidh sé féin amach ag smámh agus an raithneach dá chlodach. Ní raibh aníos ach a smut agus bhí an smut clúdaithe ag an raithneach. Shíl sé go dtiocfadh sé suas leis na geabhaí mar sin, ach bhí sé ag cur bruth uaidh nuair a bhí sé ag smámh agus bhí fhios ag na géabhaí go raibh rud éicínt thar an raithneach ann d'éirigheadar ar eiltreog go dtáinig siad isteach san loch uilig. Níor éirigh leis an sionnach.